C/2024/5548

18.9.2024

**Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún**

**an 23 Bealtaine 2024**

**a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**(Cás AT.40632 – SRIANTA TRÁDÁLA MONDELEZ)**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024)3313 final)*

**(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

(C/2024/5548)

*An 23 Bealtaine 2024, ghlac an Coimisiún cinneadh a bhaineann le himeacht faoi Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle* ([1])*, tá an Coimisiún ag foilsiú, leis seo, ainmneacha na bpáirtithe agus phríomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a ghearrtar, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint.*

## RÉAMHRÁ

(1) Eisítear an Cinneadh seo de bhun Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an 'Conradh') agus dírítear é ar Mondelēz International, Inc., Mondelez Europe GmbH agus Mondelez Middle East & Africa FZE (dá ngairtear 'Mondelēz' in éindí anseo feasta). Is cuideachta dhomhanda bia agus deochanna é Mondelēz atá dírithe ar tháirgí sneaiceanna, atá gníomhach in éineacht lena fhochuideachtaí i níos mó ná 150 tír agus a bhfuil a cheanncheathrú i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Díolann Mondelēz milseogra seacláide faoi réimse brandaí (lena n-áirítear Milka, Côte d'Or, Toblerone, Cadbury, Marabou, Daim, Mirabell agus Suchard) agus brioscaí faoi bhrandaí eile (Oreo, Belvita, LU, Prince, Ritz, TUC, LiGa, Mikado). Go dtí 2015 bhí roinnt brandaí caife ag Mondelēz (HAG, Jacobs, Velours Noir).

(2) Le linn tréimhsí éagsúla idir an 18 Nollaig 2006 agus an 7 Márta 2020, chuir Mondelēz srian leis an trádáil chomhthreomhar i dtáirgí éagsúla brioscaí, seacláide agus caife trí 22 chomhaontú/chleachtas chomhbheartaithe lenar cuireadh srian leis an iomaíocht de réir cuspóra, rud atá contrártha le hAirteagal 101(1) CFAE, agus trí dhá mhí-úsáid maidir le ceannasacht Mondelēz i margaí náisiúnta áirithe chun barraí seacláide a dhíol de shárú ar Airteagal 102 CFAE.

## NÓS IMEACHTA

(3) Sheol an Coimisiún an cás sin *ex officio* in 2019. I mí na Samhna 2019, rinne an Coimisiún iniúchtaí gan réamhfhógra ar áitreabh Mondelēz san Ostair (Vín), sa Bheilg (Mechelen) agus sa Ghearmáin (Bremen). D'oscail an Coimisiún imeachtaí foirmiúla in aghaidh Mondelēz an 28 Eanáir 2021.

(4) Le linn an imscrúdaithe, chuir Mondelēz in iúl gur spéis leis tús a chur le plé comhair leis an gCoimisiún. An [...] ([2]), chuir Mondelēz aighneacht socraíochta isteach faoin nós imeachta comhair.

(5) An 7 Márta 2024, ghlac an Coimisiún ráiteas agóidí. An 22 Márta 2024, d'fhreagair Mondelez an ráiteas agóidí, agus dheimhnigh sé go léirítear ábhar a aighneachta socraíochta sa ráiteas sin agus gur mian leis leanúint den nós imeachta comhair faoi na coinníollacha sin.

(6) D'eisigh an Coiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha tuairim fhabhrach an 15 Bealtaine 2024.

(7) Ghlac an Coimisiún an Cinneadh an 23 Bealtaine 2024.

([1]) IO L 1, 4.1.2003 , lch. 1. Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 411/2004 (IO L 68, 6.3.2004, lch. 1).

([2]) 'Rinneadh eagarthóireacht ar chodanna den téacs seo chun a áirithiú nach nochtar faisnéis rúnda; Cuirtear achoimre neamhrúnda idir lúibíní cearnacha in ionad na gcodanna sin nó léirítear iad mar [...].'

## FÍORAIS

### Achoimre ar an Sárú

(8) Aimsítear sa Chinneadh na príomhchineálacha srianta seo a leanas:

(a) comhaontuithe nó cleachtais chomhbheartaithe lena gcuirtear cosc ar dháileoirí agus ar thrádálaithe eisiacha áirithe (ar a dtugtar 'bróicéirí' freisin) díolacháin a dhéanamh le custaiméirí lasmuigh de na críocha inar cheannaigh siad táirgí ó Mondelēz; cuireadh srian ar na custaiméirí ó thaobh na gcríoch ina bhféadfaidís díol nó ó thaobh custaiméirí a bhféadfaidís díol leo; d'aontaigh an custaiméir agus Mondelēz freisin i gcás amháin go ndíolfadh an custaiméir táirgí a raibh sé beartaithe iad a onnmhairiú lasmuigh dá chríoch ar phraghsanna níos airde i gcomparáid leis an bpraghas intíre;

(b) chuir Mondelēz stop le díolacháin barraí seacláide le custaiméir go haontaobhach ionas nach ndéanfadh sé iad a athdhíol i mBallstáit ina raibh ceannasacht ag Mondelēz;

(c) cinneadh Mondelēz barraí seacláide brandáilte áirithe Côte d'Or a bhaint den mhargadh san Ísiltír chun cosc a chur ar mhiondíoltóir Ollannach na táibléid a cheannach san Ísiltír chun iad a athdhíol ina shiopaí sa Bheilg, áit ar ghearr Mondelēz praghsanna níos airde ar a chustaiméirí miondíola.

### Seolaithe agus fad

(9) Dírítear an cinneadh ar Mondelēz International, Inc. Chomh maith le Mondelēz International, Inc., cuireadh Mondelez Europe GmbH agus Mondelez Middle East & Africa FZE faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach le Mondelēz International, Inc. faoi seach, toisc gur imir siad tionchar cinntitheach ar na fochuideachtaí a ghlac páirt dhíreach sna sáruithe.

(10) Mhair fad na sáruithe ar feadh tréimhsí éagsúla ama sa tréimhse ón 18 Nollaig 2006 go dtí an 7 Márta 2020.

## FÍNEÁLACHA

(11) Leis an gcinneadh cuirtear Treoirlínte 2006 maidir le fíneálacha i bhfeidhm ([3]).

### Bunmhéid na fíneála

(12) Agus na fíneálacha á socrú aige, chuir an Coimisiún san áireamh luach dhíolacháin Mondelēz ar na táirgí ábhartha seacláide, brioscaí nó caife le linn na bliana gnó iomláine deiridh maidir le gach sárú.

(13) Chuir an Coimisiún san áireamh gurb é atá san iompar sáraitheach sárú d'aon ghnó ar riail bhunúsach shoiléir gan an margadh inmheánach a dheighilt feadh teorainneacha náisiúnta agus gur chuir an Coimisiún smachtbhannaí i bhfeidhm ar chleachtais chomhchosúla cheana san am a chuaigh thart. Thairis sin, baineann an sárú le táirgí a bhfuil tionchar díreach acu ar thomhaltóirí. Agus na tosca sin á gcur san áireamh agus i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, socraítear an cion de luachanna na ndíolachán atá le cur san áireamh ag 10 %.

### Táille iontrála

(14) Ní chuirtear táille iontrála i bhfeidhm leis an dréacht-Chinneadh.

### Imthosca géaraitheacha nó maolaitheacha

(15) Níl imthosca géaraitheacha ná maolaitheacha sa chás.

([3]) IO C 210, 1.9.2006, lch. 2.

**Iolraitheoir díspreagtha**

(16) Áirítear 'iolraitheoir díspreagtha' iomchuí 1.1 sa dréacht-Chinneadh. Tá sé sin i gcomhréir le cinntí eile a bhaineann le cuideachtaí a bhfuil láimhdeachas domhanda comhchosúil acu (thart ar EUR 30 billiún).

**Caidhp láimhdeachais**

(17) Ní sháraíonn an fhíneáil 10 % de láimhdeachas domhanda iomlán Mondelēz maidir le haon cheann de na sáruithe.

**Lascaine chomhair**

(18) Is é an chonclúid sa Chinneadh gur cheart an fhíneáil a laghdú 15 %. Ina aighneacht socraíochta d'admhaigh Mondelēz na fíorais, a gcáilíocht dhlíthiúil agus a dhliteanas i leith na sáruithe mar a thugtar tuairisc orthu sa dréacht-Chinneadh. Léirigh Mondelēz a spéis sa chomhar sular glacadh ráiteas agóidí. Níl an laghdú níos airde toisc nach ndeachaigh Mondelēz i gcomhar ach amháin nuair a bhí an t-imscrúdú curtha i gcrích den chuid is mó ag an gCoimisiún agus é ag obair ar an ráiteas agóidí. Ina theannta sin, níor chuir Mondelēz aon fhianaise bhreise isteach a chuireann breisluach mór leis an imscrúdú nó a chuireann leathnú le fad, raon feidhme geografach nó táirge na sáruithe arbh fhiú lascaine chomhair níos airde a dheonú ina leith.

**Conclúid**

(19) Sháraigh Mondelēz Airteagail 101 agus 102 CFAE trí 24 shárú éagsúla a dhéanamh arbh é ab aidhm dóibh margadh inmheánach an Aontais a dheighilt.

(20) Is é EUR 337 522 800 méid críochnaitheach na fíneála a ghearrtar ar Mondelēz' de bhun Airteagal 23(2)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003.